


## Gníomhaíocht Daltaí: Ag iniúchadh $y=mx+c$

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, ' $y = mx + c$ ', ar CD an Dalta.




1.

a. Líon isteach an tábla seo má tá  $m=2$  agus  $c=1$ :

$x$	$y = mx+c$
-2	
-1	
0	
1	
2	

b. Léirigh na sonraí sa tábla thuas ar an ngraf thíos.



c. Cá ngearrann an graf an  $x$ -ais?

\_\_\_\_\_

d. Céard é ráta athraithe  $y$  ar an ngraf seo in aghaidh gach aonad d'athrú i gcás  $x$ ? An bhfuil coibhneas ar bith idir an luach sin agus  $m$  nó  $c$ ? Cén coibhneas é?


\_\_\_\_\_

2.

a. Lón isteach an tábla seo má tá  $m=3$  agus  $c=1$ :

$x$	$y = mx+c$
0	
1	
2	
3	
4	

b. Léirigh na sonraí sa tábla ar an ngraf thíos.



c. Cá ngearrann an graf an  $x$ -ais?

d. Céard é ráta athraithe  $y$  ar an ngraf seo in aghaidh gach aonad d'athrú i gcás  $x$ ? An bhfuil coibhneas ar bith idir an luach sin agus  $m$  nó  $c$ ? Cén coibhneas é?

3. Úsáid an comhad idirghníomhach agus abair cén difríocht a dhéanann athrú ar  $c$  do chruth an ghraif agus don áit a ngearrann an graf an  $y$ -ais.

4. Úsáid an comhad idirghníomhach agus abair cén difríocht a dhéanann athrú ar  $m$  do chruth an ghraif.

5. Cothromóid den fhoirm  $y = mx + c$  atá anseo. Cén luach atá ag  $c$ , agus ag  $m$ ?

